Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/1366

16.3.2026

**Caingean arna tabhairt an 29 Eanáir 2026 – OX v EUIPO**

**(Cás T-64/26)**

(C/2026/1366)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* OX (ionadaí: H. Tettenborn, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— go gcuirfí ar neamhní na cinntí ó EUIPO an 20 Samhain 2025 agus an 28 Deireadh Fómhair 2025 diúltú d'iarratas an 7 Deireadh Fómhair 2025 de chuid an iarratasóra (dá ndiúltaítear go páirteach trí chinneadh an 28 Deireadh Fómhair 2025) agus d'iarratas daingniúcháin an 29 Deireadh Fómhair 2025 (dá ndiúltaítear ina iomláine gan freagra a thabhairt air an 20 Samhain 2025) ar rochtain a fháil ar na doiciméid de chuid EUIPO a bhaineann le cruinnithe arna dtionól idir MECS agus EUIPO an 13 Meán Fómhair 2024:

— a ordú do EUIPO cúiteamh cóir a íoc leis an iarratasóir de réir rogha na Cúirte, is é sin EUR 3 500 ar a laghad i dtuairim an iarratasóra, ar na damáistí ábhartha agus neamhábhartha arna ndéanamh don iarratasóir de dheasca an chinneadh ó EUIPO;

— a ordú do EUIPO costais na n-imeachtaí a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean le haghaidh neamhniú, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin, lena n-éilítear gur sháraigh EUIPO a oibleagáid déanamh de réir Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún ([1]).

Mar thaca leis an iarratas ar chúiteamh, áitíonn an t-iarratasóir go ndearnadh an damáiste seo a leanas dó: (a) damáiste neamhábhartha, sa mhéid go samhlaítear dó a bheith curtha faoi réir cinntí arna ndéanamh ag oifigigh is féidir a bheith ag gníomhú ar mhaithe leo féin; agus (b) go bhfuil sé curtha i laige ó thaobh caingne dlí (ón am a caitheadh nó atá le tionscnamh as seo amach) i gcoinne EUIPO de dheasca faisnéis a bheith in easpa ar dá réir arbh infhíoraithe aige dleathacht na ngníomhaíochtaí próiseála sonraí arna ndéanamh ag EUIPO agus MECS sa chruinniú agus a théitear i bhfeidhm go diúltach ar fholláine agus staid mheabhrach an iarratasóra.

---

([1]) IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.